Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019**
**(OR. en, fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0293(COD)**

**8091/19**
**ADD 1**

**CODEC 851**
**CLIMA 105**
**ENV 382**
**TRANS 249**
**MI 334**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Le linn an athbhreithnithe dá bhforáiltear le hAirteagal 15, agus nuair a bheidh leasú reachtach á bheartú aige, más iomchuí, ar an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún na comhairliúcháin iomchuí i gcomhréir leis na Conarthaí. Rachaidh sé i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit, go háirithe, chuige sin.

Mar chuid den athbhreithniú sin, scrúdóidh an Coimisiún freisin oiriúnacht na huasteorann 5% a shonraítear i bpointe 6.3 de Chuid A d'Iarscríbhinn I i bhfianaise an ghá atá ann dlús a chur le cur chun cinn feithiclí saor ó astaíochtaí agus astaíochtaí ísle sna Ballstáit lena mbaineann.

**Ráiteas comhpháirteach ó Lucsamburg agus ón mBeilg**

Is díol sásaimh do Lucsamburg agus don Bheilg go bhfuil na comhreachtóirí tagtha ar chomhaontú roimh dheireadh an téarma pharlaimintigh atá ann faoi láthair maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma, agus foráil á déanamh, ar an gcaoi sin, do leanúnachas i reachtaíocht an Aontais i bpríomhearnáil astaíochtaí agus soiléireacht á háirithiú d'infheisteoirí, do mhonaróirí feithiclí, d'údaráis phoiblí agus do shaoránaigh.

Mar sin féin, is oth linn gur socraíodh an leibhéal comhaontaithe uaillmhéine go mór faoi bhun an leibhéil is gá chun astaíochtaí $CO_2$ ó iompar de bhóthar san Aontas a chur i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach le Comhaontú Pháras nó chun é a chur ar chumas do na Ballstáit na spriocanna náisiúnta i dtaca le laghdú astaíochtaí do $CO_2$, a leagtar síos sa Rialachán maidir le comhroinnt díchill, a chomhlíonadh, in ainneoin go mbeadh leibhéal níos airde uaillmhéine indéanta go teicniúil agus go rachadh sé go mór chun tairbhe do gheilleagar an Aontais, dá bheartas tionsclaíoch agus do shláine chomhshaoil a chuid beartas.

Is oth linn freisin go laghdófar ísliú iarbhír astaíochtaí $CO_2$ a baineadh amach leis an rialachán seo le cuid de na forálacha a comhaontaíodh mar chuid den sásra dreasachta d'fheithiclí saor ó astaíochtaí agus astaíochtaí ísle, agus is ábhar imní dúinn go bhféadfadh monaróirí iad a úsáid ar bhealach lena bhféadfaí an margadh inmheánach a shaobhadh.

Iarraimid, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí bearta agus ionstraimí breise Eorpacha, agus go háirithe maoiniú, a chur i bhfeidhm, chun an t-aistriú is gasta is féidir chuig feithiclí saor ó astaíochtaí a chur chun cinn san Aontas. Iarraimid ar an gCoimisiún freisin dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann monaróirí an rialachán nua agus céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna mí-úsáide.